



SuperValu

Bailte Slachtmhara

Cúram a Dhéanamh den Chomhshaol

Sráideanna Cónaithe & Limistéir Tithíochta



SUSTAINABLE DEVELOPMENT GOALS

Ag Tacú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

SuperValu

Cuireadh tús le comórtas Bhailte Slachtmhara SuperValu sa bhliain 1958 agus ó shin i leith is é an tionscnamh inbhuanaithe agus comhshaoil is cáiliúla in Éirinn. Tá an comórtas á riaradh ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta, agus tá sé á urrú ag SuperValu go bródúil ó 1991 i leith.

Seo a leanas na hocht gcatagóir faoina ndéantar moltóireacht neamhspleách ar an gcomórtas;

Pobal: Pleanáil agus Rannpháirtíocht	Sráid-Dreach agus Áiteanna Poiblí
Spásanna Glasa agus Tírdhreachadh	An Dúlra agus an Bhithéagsúlacht in bhur gCeantar
An inbhuanaitheacht: Breis a bhaint as beagán	Slacht agus Rialú Bruscair
Sráideanna Cónaithe agus Limistéir Thithíochta	Bóithre Isteach, Sráideanna agus Lánaí

I mí Mheán Fómhair 2015, ghlac 193 Ballstát de na Náisiúin Aontaithe le Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, “Ár nDomhan a Chlaonlú”. Is é atá ag crollár an Chláir Oibre seo ná na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFlanna) ina léirítear gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe.

Feicfidh sibh ar fud na foirme iontrála na réimsí ina bhfuil na spriocanna seo ag teacht leis na catagóirí difriúla den chomórtas Bailte Slachtmhara. Cuirig in iúl, faoi gach catagóir, má tá bhur dtionscadail nó tionscnaimh dírithe ar cheann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na spriocanna inbhuanaithe, más infheidhme.

Feicfidh sibh go bhfuil catagóir “Sráideanna Cónaithe agus Láithreacha Tithíochta” ag teacht le spriocanna 11 & 17.



Roinneadh an Lámhleabhar seo, a ullmhaíodh le hionchur ó phainéal náisiúnta na mBailte Slachtmhara, i gcodanna, agus clúdaítear gach catagóir ina haonar, ach moltar don iarratasóir gan cuid a léamh ar leithligh ó na codanna eile. Tá ról tábhachtach ag tírdhreachú i moltóireacht Sráid-Dreacha agus Áiteanna Poiblí, Sráideanna Cónaithe agus Ceantair Tithíochta agus Bóithre Rochtana, Sráideanna agus Lánaí, Slachtmhaireacht agus Cosc Bruscair, agus déanfar athbhreithniú air sin go leor catagóirí, mar sin. Dá bhrí sin, mholfaimis tagairt a dhéanamh do na catagóirí uile beag beann ar an tionscadal nó an tionscnamh atá ar bun.

Féach ar Eolas Ginearálta freisin ina bhfuil eolas luachmhar do gach grúpa Bailte Slachtmhara.

Sa chuid seo, féachaimid ar “Sráideanna Cónaithe & Limistéir Tithíochta”, tá na marcanna don chatagóir seo ar an mbileog scórála. Tá an téacs seo a leanas san fhoirm iarratais chun cabhrú leis an iarratasóir an chuid seo dá bhfoirm iarratais a chomhlánú;

Is cuid lárnach de bhailte agus de shráidbhailte iad sráideanna cónaithe lena n-áirítear tithe baile agus ba chóir iad a chaitheamh ar an mbealach céanna le forbairtí tithíochta poiblí agus príobháidí.

Déantar moltóireacht ar chur i láthair agus cothabháil cheart gach maoine agus aird chuí á tabhairt ar chothabháil aghaidheanna, ballaí teorann agus beanna. Má tá gairdíní ann, ba chóir iad a chur i láthair ar bhealach maith. I bhforbairtí tithíochta, ba chóir limistéir ghlasa a bhainistiú go cuí ar mhaithe le bithéagsúlacht agus taitneamhacht. Áiteanna súgartha do leanaí le trealamh a chothabháil de réir na gcaighdeán is fearr. Más féidir, ba chóir go mbeadh comharthaí ainm oiriúnacha ag eastáit aonair - clocha, plaiceanna, cuailí comharthaíochta, srl., go dátheangach, más féidir. Ní chuirfear eastáit neamhchríochnaithe san áireamh in iarrachtaí an phobail ach ba chóir samplaí de conas atá an pobal ag dul i ngleic leis an gceist seo a chur in iúl.



Meabhrúchán: Meabhraítear do ghrúpaí agus d'oibrithe deonacha na mBailte Slachtmhara go gcaithfear tús áite a thabhairt dá sábháilteacht agus dá bhfolláine i gcónaí. Chun sábháilteacht na n-oibrithe deonacha a chinntiú, moltar do ghrúpaí na mBailte Slachtmhara comhairle a lorg ón nGarda Síochána sula dtéann siad i mbun tionscadal ar bhóithre, ar thaobhanna bóthair agus ar imeall bóthair.



Sráideanna Cónaithe & Limistéir Tithíochta

Déanfar measúnú ar thithe cónaithe príobháideacha feadh bóithre isteach, laistigh d'eastáit chónaithe agus laistigh de lár an bhaile/sráidbhaile ar chur i láthair agus ar chothabháil foirgneamh aonair, lena n-áirítear a mbeanna, a n-aghaidheanna cúil, ballaí teorann/fálú bóthair, mar aon lena spás oscailte príobháideach.

Cuirtear spásanna oscailte poiblí laistigh d'eastáit chónaithe san áireamh freisin agus áirítear leo a raon feidhmeanna chomh maith lena gcothabháil agus a gcur i láthair.

Tá an t-idirghabhálaí atá ag an ngrúpa Bailte Slachtmhara le Cumainn Chónaitheoirí ríthábhachtach chun feidhmíocht sa chatagóir seo den chomórtas a bhaint amach; mura bhfuil Cumann Cónaitheoirí ann, ba chóir don choiste smaoineamh ar theagmháil a dhéanamh le cónaitheoirí d'fhonn cumann a bhunú. Tá eagrú Chomórtais Gairdíní agus Eastáit an-éifeachtach mar bhealach chun cur i láthair limistéir chónaithe a fheabhsú agus is iad na Cumainn Cónaitheoirí a eagraíonn iad de ghnáth. Tá tábhacht freisin le dea-chaidreamh oibre leis an Údarás Áitiúil, go háirithe tríd an Oifigeach Forbartha Pobail, an tInnealtóir Cheantar Áitiúil agus an tOifigeach Oidhreacht.

Breathnaíonn an Moltóir ar

Chur i láthair agus dreach na nithe seo a leanas:

- Áiteanna cónaithe príobháideacha, lena ballaí teorann, claíocha agus spásanna oscailte príobháideacha
- Spásanna oscailte comhroinnte - a gcothabháil, cur i láthair, feidhm agus inrochtaineacht uilíoch
- Tírdhreachú
- Comharthaíocht na n-eastát agus a mbealaí isteach
- Naisc le lár an bhaile agus le háiseanna
- Cabhair le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe



Tithe Cónaithe Príobháideacha

Bíonn tionchar amhairc láidir ag foirgnimh a bhfuil scéim dathanna chomhordaithe acu atá oiriúnach dá réigiún agus a fheabhsaíonn taitneamhacht amhairc a mbaile/sráidbhaile, go háirithe nuair a bhíonn an chothabháil ghinearálta ar ardchaighdeán. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh cur i láthair tarraingteach ar bheanna agus aghaidheanna cúil atá le feiceáil ón réimse poiblí. I gcás ina bhfuil sé beartaithe roinnt foirgneamh a phéinteáil, d'fhéadfadh maoiniú a bheith ar fáil ón Údarás Áitiúil agus/nó ó chlár LEADER chun cabhrú faoi scéim Péinteála agus Feabhsúcháin, trína ndéantar ábhair a mhaoiniú le haghaidh oibreacha a mbeadh tionchar tábhachtach acu ar an gceantar áitiúil. Go hidéalach, ba chóir tithe baile tréimhse a chur i láthair ar bhealach a léiríonn agus a urramaíonn gnéithe dearaidh a dtréimhse bhunaidh.

CÓIREÁIL THEORAINN BÓTHAIR

Ba chóir go mbeadh comhsheasmhacht i gcur i láthair i gcóireáil teorann le tithe cónaithe príobháideacha i gcás ina bhfuil siad seo mar chuid de ghrúpa; ba chóir na hábhair thógála céanna a bheith in úsáid agus má úsáidtear ballaí cloiche, ba chóir tagairt a dhéanamh d'éagsúlachtaí áitiúla/réigiúnacha. Ba chóir pointeáil moirtéal stroighne ardaithe a sheachaint. Tá sé tábhachtach go gcoimeádtar ballaí teorann bóthair, bíodh siad feadh na mbóithre isteach, nó ag marcáil bealaí isteach ó na bóithre seo, i riocht maith agus go nglanfar/péinteáiltear iad as an nua de réir mar is cuí, toisc go bhfuil an réadmhaoin sin ríthábhachtach chun tuiscint láidir amhairc a chruthú ar lár. Is fearr ballaí aghaidhe cloiche nó ballaí rindreáilte (plástráilte/daite), seachas obair brící feadh aghaidh an bhóthair ar thithe nua ar na bealaí isteach chuig bailte agus sráidbhailte.

LIMISTÉAR THAOBH AN BHÓTHAIR GO DTÍ NA BALLAÍ TEORANN

I gcás ina bhfuil féar ar cheantair cois bóthair go ballaí teorann, go háirithe ar bhealaí isteach chuig ionad, is féidir leo seo breathnú go han-mhaith mar go dtugann siad éifeacht bhog 'chosúil le páirc' seachas cuma chrua coincréite nó tarmacadam. I gcás cosán, tá sé tábhachtach go gcoimeádtar a gcuid colbhaí saor ó fhiaíil gan luibhicídí a úsáid. Baineann sé seo freisin le bun ballaí teorann príobháideacha bóthair. Ba chóir cónaitheoirí a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as cothabháil a bhfál agus a limistéir ballaí teorann bóthair féin.

Ní féidir béim róláidir a chur ar thábhacht gairdíní tosaigh aonair dea-choimeádta chun cur le feabhsú amhairc an tsráid-dreacha/an bhailedhreacha. Ní mór cur i gcoinne stóráil oscailte laistigh de spás oscailte príobháideach d'ábhair ghránna is féidir a fheiceáil ón limistéar poiblí.

Is féidir le comórtas an Ghairdín is Fearr Coimeádta tionchar suntasach a imirt le himeacht ama ar chuma comharsanachta. De ghnáth, áirítear ar fheabhsuithe bearradh fáлта, deisiú ballaí cloiche, athsholáthar fáлта slabhra-naisc le post agus ráille adhmaid, ballaí nó fáлта, fiaíil a bhaint de bhun na mballaí, fáлта miotail a phéinteáil, imeall féir a bhearradh agus crainn a phlandáil.

Is féidir le sealbhóirí tí aonair agus eastáit iomlána cur le feasacht agus cosaint gnáthóg fiadhúlra trí bhoscaí éan, ialtóg agus ulchabhán a shuiteáil. Féadfar suirbhéanna fiadhúlra áitiúla a dhéanamh freisin sa bhreis ar bhainistiú aon ghnáthóige áitiúla a d'fhéadfadh a bheith i láthair; d'fhéadfaí iad seo a dhéanamh i gcomhar leis an scoil agus b'fhéidir le hOifigeach Oidhreacht an Údaráis Áitiúil.



SPÁSANNA POIBLÍ OSCAILTE DON PHOBAL / LIMISTÉIR GHLASA

Tá sé tábhachtach cinneadh a dhéanamh faoi fheidhm an spáis/na spásanna oscailte glasa. An soláthraíonn siad spás súgartha leordhóthanach do leanaí? An bhfuil trealamh súgartha iontu agus an bhfuil siad dea-chothabháilte? An bhfuil deiseanna ann d'áiseanna pobail agus/nó meas ar ghnáthóga? Is féidir le limistéir ghlasa mhóra pobail deiseanna a sholáthar do raon leathan gníomhaíochtaí taitneamhachta pobail chomh maith le bithéagsúlacht a thacú agus a fheabhsú. Is féidir limistéar glas mór a bhainistiú trí réimeas gearrtha cúramach chun féarach bláthanna fiáine a chruthú do phailneoirí agus an imlíne sheachtrach á chothabháil go néata le haghaidh taitneamhachta amhairc agus áineasa (féach Dúlra agus Bithéagsúlacht i do chatagóir áitiúil). Is féidir codanna de limistéir ghlasa móra a úsáid le haghaidh tionscnamh 'Fás Do Chuid Féin' agus/nó Úlloird Pobail/Gairdíní Luibhe agus a leithéid. Tá sé tábhachtach go mbeadh inrochtaineacht uilíoch ag baint le forbairtí den sórt sin. Tá sé tábhachtach freisin gan pailléid agus dramhaíl ghlas a stóráil ar spásanna oscailte mar is féidir leo seo iompar frithshóisialta a mhealladh, go háirithe tine chnámh, a fhéadann lorg a fhágáil ar limistéir ghlasa.

Ina theannta sin, ní mór aird a thabhairt ar chúram agus bainistíocht leanúnach an tírdhreachaithe. Tá spásanna glasa laistigh de scéimeanna cónaithe oiriúnach do scéimeanna plandála crann, go háirithe i gcás ina bhfuil na gairdíní príobháideacha beag nó nach bhfuil imill cois bóthair ann. Is féidir treoir maidir le rogha crainn, toir nó speiceas plandaí eile agus cúram ina dhiaidh sin a fháil sa chuid dar teideal 'Spásanna Glasa agus Tírdhreachú'.

COMHARTHACHTAÍ EASTÁIT, BEALAÍ ISTEACH AGUS TROSCÁN SRÁIDE

Ba chóir go mbeadh gach eastát cónaithe inaitheanta go héasca le hainmhláta nó comhartha ard-infheictheachta. Ba chóir go mbeadh ainm an eastáit dátheangach agus go hidéalach léireodh sé oidhreacht áitiúil. Ní mór é a chothabháil de réir ardchaighdeán freisin. Ba chóir léarscáileanna aimsitheora do bhóithre laistigh d'eastáit mhóra a bheith le feiceáil ag bealaí isteach agus ba chóir comharthaí a thaispeáint dóibh seo freisin ó lár an bhaile/an tsráidbhaile. Ní mór machnamh cúramach a dhéanamh ar chur isteach boscaí bruscair agus suíochán poiblí i suíomhanna a thabharfaidh an tairbhe is mó do chónaitheoirí. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí na boscaí bruscair áitiúla a fholmhú agus a chothabháil go minic más mian leo a bheith éifeachtach maidir le fadhbanna bruscair a réiteach.

TÍRDHREACHÚ

Is féidir le limistéir tírdhreachaithe laistigh d'eastáit a bheith crua nó bog nó meascán díobh, ach tá sé tábhachtach speicis phlandála dúchasacha a roghnú nuair is féidir chun tacú le bithéagsúlacht agus chun plandaí a chur ar mhaithe le spéis agus dath séasúrach. D'fhéadfaí suirbhé a dhéanamh chun speicis atá ann cheana féin agus a riocht a fháil amach. Ba chóir cuspóir na plandála a bheith soiléir - an é gné a chruthú, imfhálú a sholáthar nó balla, foirgneamh nó suíomh neamhtharraingteach a chlúdach atá i gceist? Is féidir plandaí dreapadóireachta a úsáid go héifeachtach ar bhallaí, go háirithe ballaí coinneála agus teorann lánaí laistigh d'eastáit. Ní mór coinníollacha an tsuímh agus na hithreach a bhunú más mian leis an tionscadal tírdhreachaithe a bheith rathúil.



NAISC LE LÁR AN BHAILE AGUS ÁISEANNA

Ba chóir cosáin ó eastáit chónaithe go dtí an lár agus áiseanna pobail ar nós scoileanna, séipéil, hallaí pobail agus áiseanna spóirt a choinneáil i riocht maith agus a bheith leathan go leor chun freastal ar bhucaí leanaí agus cathaoireacha rothaí gan an gá siúl amach ar an mbóthar. Ní mór lánaí rothaíochta a mharcáil go soiléir agus infheictheacht ard a thairiscint. Beidh gá le teagmháil a dhéanamh le hInnealtóir Ceantair an Údaráis Áitiúil.



TACAÍOCHT LE SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE

Ba chóir tionscadail fuinnimh laistigh d'eastáit a bhreithniú - soilsiú LED i dtithe agus i limistéir phoiblí agus, nuair is iomchuí, soilsiú grianchumhachtaithe do ghnéithe. Tá sé thar a bheith luachmhar uisce a bhailiú ar an láthair do limistéir tírdhreachaithe. D'fhéadfaí boscaí bruscair grianchumhachtaithe a bhreithniú freisin.



SEICLIOSTA DO CHUMAINN CHÓNAITHE



- Ar péinteáladh gach maoin ar bhealach maith, lena n-áirítear beanna agus aghaidheanna cúil? An bhfuil scéim dathanna comhordaithe ann?
- An bhfuil ballaí teorann bóthair i riocht maith agus ar glanadh nó ar péinteáladh iad?
- An nglacann cónaitheoirí freagracht as limistéir díreach lasmuigh dá mballaí teorann bóthair?
- An bhfuil Comórtas an Ghairdín is Fearr Coinnithe nó an Eastáit is Fearr Coinnithe ann? An bhfuil go leor samplaí ann de ghairdíní neamhghlana/spásanna oscailte príobháideacha neamhghlana?
- An ardaíonn gairdíní agus eastáit phríobháideacha feacht agus an gcosnaíonn siad gnáthóg fhiadhúlra áitiúil trí bhoscaí éan, ialtóg agus ulchabhán a chur isteach? An ndearnadh suirbhé áitiúil laistigh de na heastáit?
- An bhfuil Spásanna Oscailte Pobail Poiblí/Ceantair Ghlasa leordhóthanach do riachtanais an phobail? An bhfuil trealamh súgartha do leanaí iontu agus má tá, an bhfuil sé dea-chothabháilte?
- An soláthraíonn limistéir ghlasa pobail raon gníomhaíochtaí agus tionscnamh áiseanna pobail ar nós Fás Do Chuid Féin, Úlloird Pobail, Gairdíní Luibheanna nó Móinéir Bláthanna Fiáine?
- An gceadaíonn aon limistéir ghlasa pobail stóráil pailléid agus/nó dramhaíola glasa a d'fhéadfadh iompar frithshóisialta a mhealladh ar nós tinte cnámh?
- An roghnaítear speicis dhúchasacha le haghaidh tírdhreachú?
- An ndearnadh suirbhé crann/toir chun speicis atá ann cheana féin agus a riocht a bhunú?
- Cad é cuspóir an tírdhreachaithe?
- An ndearnadh iniúchadh ar riocht an tsuímh agus na hithreach roimh an tírdhreachú agus bainistíocht an cheantair amach anseo?
- An bhfuil ainmpláta infheicthe ar gach eastát atá á chothabháil de réir ardchaighdeán?
- An bhfuil ainmpláta dátheangach agus an léiríonn ainmneacha an oidhreacht áitiúil?
- An bhfuil léarscáileanna aimsitheora do bhóithre laistigh de na heastáit mhóra agus an bhfuil comharthaíocht chuig an ionad ar fáil?
- An ndearnadh machnamh ar chur isteach cuí troscáin sráide amhail boscaí bruscair, binsí picnice agus suíocháin phoiblí?
- Ar cuireadh cosáin ó eastáit chónaithe go dtí áiseanna pobail ar fáil agus an bhfuil siad seo leathan go leor agus dea-chothabháilte?
- Ar marcáladh lánaí rothaíochta go soiléir?
- Ar cuireadh caidreamh oibre ar bun le hInnealtóir Ceantair, Oifigeach Oidhreacht, Oifigeach Comhshaoil an Údaráis Áitiúil, srl.?
- An ndearnadh machnamh ar thionscadail coigilte fuinnimh laistigh d'eastáit mar aon le bailiú uisce ar an láthair do limistéir tírdhreachaithe agus boscaí bruscair agus soilsíú grianchumhachtaithe?



Rialtas na hÉireann
Government of Ireland